Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 24

# Dlí agus Ceart agus Comhionannas

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, foireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead-teoranta atá á riar ag an Oifig sin, agus íocaíochtaí deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2013, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2012, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Dlitear barrachas €24.7 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

**Aistriú Feidhmeanna**

Aistríodh an fhreagracht as an mBinse Comhionannais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 faoi Ordú an Bhinse Comhionannais (Aistriú Feidhmeanna Riaracháin agus Aire Roinne), 2012 (I.R. Uimh. 531 de 2012).

**Athruithe ar an Struchtúr Vótála**

Rinneadh an vóta Dlí agus Cirt a struchtúrú ar bhonn cláir den chéad uair in 2013.

Grúpáladh gach ceann de na fotheidil reatha faoi cheann amháin de shé chlár agus cionroinneadh costais riaracháin na Roinne thar na cláir. Is iad seo a leanas na cláir;

A Éire Shlán a Choimeád
B Oibriú le haghaidh Pobail Shábháilte
C Soláthar agus Riaradh an Cheartais a Éascú
D Comhionannas agus Comhtháthú a chur chun cinn
E Ionadaíocht a dhéanamh do Leas Ceartais na hÉireann i bhFóraim Idirnáisiúnta
F Cur le hAthshlánú Geilleagrach

Tugadh fotheideal nua 'C.5 Cúnamh Dlíthiúil – saincheisteanna coimeádta' isteach faoi Chlár C. Soláthraíonn seo íocaíocht as ionadaíocht dhlíthiúil san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach le haghaidh roinnt saghsanna de chásanna nach gcuimsítear faoin Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta nó faoin Scéim Chúnaimh Dhlíthiúil Choiriúil. I measc na gcásanna a chuimsítear, tá iarratais ar Habeas Corpus (Airteagal 40.4.2), rúin bhannaí na hArd-Chúirte/na Cúirte Uachtaraí, roinnt saghsanna d'athbhreithniú breithiúnach a bhaineann le ceisteanna coiriúla nó le ceisteanna ina bhfuil saoirse an iarratasóra, eiseachadadh agus iarratais Eorpacha ar bharántas gabhála faoi chaibidil. Socrú riaracháin neamhreachtúil is ea an scéim ina ndéantar íocaíochtaí ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Aistríodh an fhreagracht as buiséad na Scéime (a bhíodh mar chuid de Vóta Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit) chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le héifeacht ón 1 Eanáir 2013.

D'athainmnigh an Roinn an Scéim, ar ar tugadh 'Scéim an Ard-Aighne' roimhe seo, an 1 Eanáir 2013 mar 'Cúnamh Dlíthiúil – Scéim Shaincheisteanna Coimeádta'.

Tugadh fotheideal nua 'C.15 Ciste Magdalen' isteach faoi Chlár C chun íocaíochtaí ex-gratia a éascú le mná a d'oibrigh i neachtlanna Magdalen, Ionad Oiliúna Mhuire, Sráid Stanhope, Baile Átha Cliath agus i Scoil Oiliúna Theach na Trócaire, Cnoc an tSamhraidh, Loch Garman. Áirítear roinnt costais eile riaracháin agus eile a bhaineann le hoibriú na scéime ex-gratia faoin bhfotheideal seo. Rinneadh soláthar €23 milliún don fhotheideal in 2014.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim thar an saolré úsáideach mheasta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% in aghaidh na bliana de réir mhéid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Brian Purcell**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

31 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Lúnasa 2014

# Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | | | |
| A | Éire Shlán a Choimeád | | | 151,157 | 142,404 | 149,912 |
| B | Oibriú le haghaidh Pobail Shábháilte | | | 52,632 | 49,649 | 51,229 |
| C | Soláthar agus Riaradh an Cheartais a Éascú | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 118,079 | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 287 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 12,501 | 130,867 | 123,035 | 111,668 |
| D | Comhionannas agus Comhtháthú a chur chun cinn | | | 22,548 | 20,307 | 26,382 |
| E | Ionadaíocht a dhéanamh do Leas Ceartais na hÉireann i bhFóraim Idirnáisiúnta | | | 5,033 | 4,267 | 4,258 |
| F | Cur le hAthshlánú Geilleagrach | | | 21,986 | 19,571 | 13,664 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 371,435 | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 287 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 12,501 | **384,223** | **359,233** | **357,113** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| G | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 51,363 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 12,500 | **63,863** | **63,575** | **51,974** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 320,072 | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 287 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 1 | | | |
| | | | | **320,360** | **295,658** | **305,139** |

**Farasbarr do ghéilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a cuireadh i bhfeidhm dlite do ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir an tsuim iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 24,701,742 | 26,541,382 |
| Tabhairt Suas Iarchurtha | __ | 287,000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 24,701,742 | 26,254,382 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna aghus liúntais | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 20,484 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 143 | 20,627 | 20,468 | 21,135 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 490 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (18) | 472 | 420 | 321 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 3,967 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (33) | 3,934 | 2,949 | 3,218 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 934 | 1,045 | 944 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 5,436 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (92) | 5,344 | 7,724 | 5,212 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 1,733 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (18) | 1,715 | 1,438 | 1,888 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 73 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (6) | 67 | 22 | 506 |
| viii | Taighde | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 132 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (15) | 117 | 10 | 22 |
| ix | Financial shared services | | 10,917 | 9,868 | 10,264 |
| x | Uachtaránacht an AE | | 2,020 | 1,270 | 983 |
| | | | 46,147 | 45,214 | 44,493 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 314,019 | 312,620 |
| Pá[1] | | 28,630 | 29,367 |
| Neamhphá | | 16,584 | 15,126 |
| **Ollchaiteachas** | | **359,233** | **357,113** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **63,575** | **51,974** |
| **Glanchaiteachas** | | **295,658** | **305,139** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (3,045) | | |
| Dímheas | 7,013 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (7) | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | 9 | | |
| | | 3,970 | 5,980 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | (1,011) | | |
| | | (1,011) | 2,668 |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 46 | | |
| Méadú ar stoc | (920) | | |
| | | (874) | (3,170) |
| **Caiteachas díreach** | | **297,743** | **310,617** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 25,354 | 27,283 |
| Measchíosanna | | 4,643 | 4,591 |
| **Costas glan clár** | | **327,740** | **342,491** |

[1] Áirítear leis an bhfigiúr pá le haghaidh 2013 tuarastail don Ionad Comhsheirbhísí Airgeadais arbh ionann iad agus €7,335,659 (2012: €7,447,618) agus tuarastail le haghaidh Uachtaránacht an AE arbh ionann iad agus €826,617 (2012: €785,383).

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 24 a tabhaíodh in áit eile

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 15 | 2,541 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 19,721 | 19,532 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 13,055 | 12,432 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | m | 194 | 190 |
| Lárchiste – Pinsin na nAirí | m | 299 | 726 |
| | | 33,284 | 35,421 |
| Vóta 24 Comhsheirbhísí - costas cionroinnte an Lárionaid Chomhsheirbhísí Airgeadais | m | (7,930) | (8,138) |
| | | 25,354 | 27,283 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 17,652 | 22,349 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 2,181 | 1,170 |
| | | **19,833** | **23,519** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 5,163 | 4,380 |
| Stoic | 2.5 | 1,507 | 587 |
| Réamhíocaíochtaí | | 6,006 | 3,217 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,502 | 7,504 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 2,748 | 2,073 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **18,926** | **17,761** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 6,882 | 8,039 |
| Ioncam iarchurtha | | 161 | 171 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 6,348 | 5,125 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 1,563 | 1,328 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **14,954** | **14,663** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **3,972** | **3,098** |
| **Glansócmhainní** | | **23,805** | **26,617** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **23,805** | **26,617** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 26,617 | 40,838 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 320,072 | | |
| Tabhairt suas iarchurtha | Cuntas | 287 | | |
| Meastachán forlíontach | Cuntas | 1 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (24,702) | | |
| Vóta glan | | | 295,658 | 305,139 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 25,354 | 27,283 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 4,643 | 4,591 |
| Costas glan clár | 1 | | (327,740) | (342,491) |
| Aistriú chuig ranna eile | | | (727) | (8,743) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | 23,805 | 26,617 |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013 | 7,765 | 1,153 | 96,193 | 5,174 | 110,285 |
| Breiseanna | __ | 86 | 2,629 | 330 | 3,045 |
| Aistrithe Isteach [1] | __ | __ | 7 | __ | 7 |
| Aistrithe Amach [2] | (791) | __ | (57) | (22) | (870) |
| Diúscairtí | __ | (76) | (508) | (24) | (608) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013 | 6,974 | 1,163 | 98,264 | 5,458 | 111,859 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013 | 694 | 813 | 82,240 | 4,189 | 87,936 |
| Dímheas don bhliain | 139 | 117 | 6,471 | 286 | 7,013 |
| Aistrithe Isteach [1] | __ | __ | 7 | __ | 7 |
| Aistrithe Amach [2] | (68) | __ | (53) | (22) | (143) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | __ | (76) | (506) | (24) | (606) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2013 | 765 | 854 | 88,159 | 4,429 | 94,207 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **6,209** | **309** | **10,105** | **1,029** | **17,652** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **7,071** | **340** | **13,953** | **985** | **22,349** |

[1] Aistríodh sócmhainní ar a raibh costas bunúil €7,284 ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. D’úsáid na Coimisinéirí Ioncaim iad seo mar chuid dá bpróiseas párolla agus aistríodh iad ina dhiaidh sin chuig an Ionad Comhsheirbhísí Airgeadais tar éis gur aistríodh an fheidhm phárolla in 2013.

[2] Aistríodh sócmhainn ina raibh talamh in aice láithreán Thornton ar a raibh costas bunúil €791,150 chuig Vóta na bPríosún. Anuas air sin, aistríodh sócmhainní ar a raibh luach €79,037 chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta tar éis gur aistríodh an Binse Comhionannais.

## 2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

| at 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhaireachtain-tí | Foirgnimh | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2013 | 102 | 1,068 | 1,170 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 1,011 | __ | 1,011 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2013 | 1,113 | 1,068 | 2,181 |

**Áitreabh Seirbhísí Promhaidh**

Léiríonn an iarmhéid a iompraíodh chun tosaigh de €1.068 milliún i gcatagóir na bhFoirgneamh costais fheistithe na n-áitreabh ar léas i mBaile Átha Cliath lena n-úsáid ag an tSeirbhís Phromhaidh. Cé gur cuireadh an obair maidir leis an bhfoirgneamh seo i gcrích, ní féidir é a áitiú mar gheall ar cheisteanna a bhaineann le cead pleanála. Tá conspóid ann i gcónaí faoi stádas an léasa. Eisíodh imeachtaí dlí thar ceann na Roinne an 20 Márta 2013 agus tá iad seo ar bun faoi láthair.

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ginearálta | 5,163 | 4,455 |
| Orduithe gan íoc | __ | (75) |
| | 5,163 | 4,380 |

## 2.5 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 143 | 168 |
| Tomhaltais fóiréinseacha | 174 | 220 |
| Tomhaltais TF | 90 | 130 |
| Cártaí clárúcháin inimirce | 1,045 | — |
| Ilghnéitheach | 17 | 30 |
| Foilseacháin | 20 | 22 |
| Trealamh/éadach | 18 | 17 |
| | 1,507 | 587 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | 445 | 1,412 |
| Óinchistí | 51 | 86 |
| Tuarastail aisghabhála | 100 | 65 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 26 | 293 |
| Glacadóireacht an Biúró um Shóchainní Coiriúla | 135 | 132 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 1,899 | 2 |
| Eile | 92 | 83 |
| | 2,748 | 2,073 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 1,961 | 2,008 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 872 | 833 |
| Cáin Bhreisluacha | 173 | 134 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,571 | 1,192 |
| Cáin Foirgníochta | 3 | — |
| | 4,580 | 4,167 |
| Asbhaintí párolla atá gcoinneáil ar fionraí | 701 | 701 |
| Athlonnaíocht Éigeandála agus tionscadail Reach | 414 | — |
| Eile | 653 | 257 |
| | 6,348 | 5,125 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 24,702 | 26,254 |
| Tabhairt Suas Iarchurtha | — | 287 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (23,139) | (25,213) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,563 | 1,328 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 5,163 | 4,380 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 2,748 | 2,073 |
| | 7,911 | 6,453 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (4,580) | (4,167) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (1,768) | (958) |
| | (6,348) | (5,125) |
| | 1,563 | 1,328 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na dtiomantais infheidhmithe le dlí | 3,466 | 1,841 |

### 2.10 Dliteanais Aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibí neamhscaoilte ag deireadh na bliana 2013 nó sa bhliain roimhe sin.

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Éire Shlán a Choimeád** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 6,221 | 6,508 | 6,837 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 4,558 | 4,843 | 4,116 |
| A.3 | Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) | 49,456 | 42,903 | 43,472 |
| A.4 | Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann | 57,186 | 55,228 | 62,330 |
| A.5 | An Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána | 195 | 179 | 185 |
| A.6 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 6,940 | 6,455 | 6,409 |
| A.7 | Cigireacht na bPríosún | 388 | 369 | 293 |
| A.8 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 8,021 | 7,972 | 8,327 |
| A.9 | Oifig Chigireachta na nGardaí | 970 | 863 | 779 |
| A.10 | Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig | 17,222 | 17,084 | 17,164 |
| | | 151,157 | 142,404 | 149,912 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €8.75 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) | 6,553 | D'eascair an choigilt go príomha mar gheall go raibh na costais phárolla ní b'ísle ná mar a raibh súil leis agus nach ndearna tionscadail áirithe TFC dul chun cinn chomh tapa sin agus a beartaíodh i dtosach báire nó go bhfuiltear ag tabhairt fúthu ar bhealaí éagsúla, agus d'eascair athchéimniú an chaiteachais chuig blianta dá éis sin as seo. Baineann na tionscadail atá faoi chaibidil go príomha le córas Clárúcháin agus Ceada Cónaitheachta an AE agus oibríonn siad maidir le scéim Víosa na Breataine/na hÉireann. |
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 485 | D'eascair an choigilt go príomha mar gheall nár tháinig costais dlí a raibh súil leo i gcrích in 2013. Anuas air sin, leanann an Biúró le monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas i ngach limistéar chun luach ar airgead a fháil agus chun costais ar an Státchiste a laghdú. |
| Oifig Chigireachta na nGardaí | 107 | D'eascair an choigilt go príomha mar gheall chostais laghdaithe phárolla a d'eascair ó aga moille earcaíochta chun comhalta d'fhoireann na Cigireachta a ionadú agus ó choigiltí a rinneadh ó chaiteachas laghdaithe a bhain le cúrsaí oifige, lena n-áirítear costais chíosa agus costais chomhairleoireachta áirithe. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Oibriú le haghaidh Pobail Shábháilte** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 3,434 | 3,363 | 3,436 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 2,558 | 2,636 | 2,319 |
| B.3 | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | 1,727 | 1,963 | 1,554 |
| B.4 | Maoiniú ar sheirbhísí d'íospartaigh na coireachta | 1,212 | 1,211 | 1,165 |
| B.5 | Bearta coiscthe coireanna | 197 | 197 | 197 |
| B.6 | An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | 2,254 | 2,074 | 2,130 |
| B.7 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | 705 | 691 | 766 |
| B.8 | An Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (Dlí Coiriúil) | 397 | 383 | 376 |
| B.9 | Cosc - foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne | 2,029 | 1,333 | 1,697 |
| B.10 | Seirbhísí Promhaidh - tuarastail, pánna agus liúntais | 21,418 | 20,860 | 21,117 |
| B.11 | Seirbhísí Promhaidh - costais oibriúcháin | 4,025 | 3,122 | 4,069 |
| B.12 | Seirbhísí Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí | 10,572 | 9,703 | 10,350 |
| B.13 | Scéim orduithe na seirbhíse pobail | 2,104 | 2,113 | 2,053 |
| | | 52,632 | 49,649 | 51,229 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár B €2.98 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | (236) | D’eascair an barrachas mar gheall ar mheascán de róchaiteachais ar chostais phárolla agus costais dlí mar gheall ar ról borrtha na hoifige. |
| An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | 180 | D’eascair an choigilt go príomha mar gheall ar líon tionscadal ar cuireadh tús leo níos déanaí sa bhliain ná mar a beartaíodh i dtosach báire. Mar gheall nár tugadh ceadúnú isteach in earnálacha breise slándála, níor tabhaíodh na costais ghaolmhara chomhlíonta, forfheidhmithe agus ghaolmhara eile. |
| Cosc - foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne | 696 | D’eascair na coigiltí go príomha mar gheall ar neamhionadú foirne agus gur íocadh níos lú cistiú maidir le roinnt clár. Is amhlaidh a bhí, go príomha, mar gheall go raibh dóthain cistí ar láimh ag eagraíochtaí tairbhí mar gheall gur cuireadh tús le cláir níos déanaí sa bhliain ná mar a beartaíodh i dtosach báire. |
| Seirbhísí Promhaidh - costais oibriúcháin | 903 | D’eascair an choigilt go príomha mar gheall gur úsáideadh socruithe soláthair níos éifeachtaí. Áiríodh leis na bearta seo athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais cheannaigh le luach ar airgead níos fearr a chinntiú agus leas á bhaint as conarthaí lárnacha, sa chás gurbh fhéidir. |
| Seirbhísí Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí | 869 | D'eascair an choigilt mar gheall ar bharainneacht a baineadh amach in eagraíochtaí pobalbhunaithe, mar thoradh ar struchtúir chostais a chuíchóiriú agus ath-idirbheartaíocht a dhéanamh le soláthróirí seirbhíse. |

| | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Soláthar agus Riaradh an Cheartais a Éascú** | | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 4,874 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 143 | 5,017 | 4,832 | 4,988 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 2,444 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (182) | 2,262 | 2,668 | 2,303 |
| C.3 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 9,172 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (2,500) | 6,672 | 5,585 | 6,216 |
| C.4 | Cúnamh Dlíthiúil - coiriúil (uimh. 12 de 1962) | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 47,552 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 3,000 | 50,552 | 50,862 | 50,546 |
| C.5 | Cúnamh Dlí – saincheisteanna coinneála | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 4,000 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (300) | 3,700 | 3,365 | — |
| C.6 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil (deontas-i-gcabhair) | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 32,659 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 1,100 | 33,759 | 33,759 | 32,922 |
| C.7 | Ionaid saorchomhairle dlí | | | 98 | 98 | 98 |
| C.8 | Seirbhís chróinéara | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 385 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (100) | 285 | 134 | 335 |
| C.9 | An Bord Parúil | | | 338 | 321 | 323 |
| C.10 | An tSaotharlann Dlí-eolaíochta | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 8,766 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (500) | 8,266 | 8,452 | 8,681 |
| C.11 | An Paiteolaí Stáit | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 3,420 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (334) | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 287 | 3,373 | 950 | 946 |
| C.12 | Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 4,234 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 7,300 | 11,534 | 11,520 | 4,233 |
| C.13 | Údaráis lárnacha (fuadach leanaí, cosaint leanaí agus fiachóirí cothabhála) | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 135 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (25) | 110 | 88 | 77 |
| C.14 | An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí | | | 1 | — | — |
| C.15 | Ciste Magdalen | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 1 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 4,899 | 4,900 | 401 | — |
| | | | | 130,867 | 123,035 | 111,668 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Méadaíodh an buiséad bunúil don chlár seo faoi €12.5 milliún trí mheastachán forlíontach teicniúil. Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €7.83 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. Mar gheall ar an méid a leanas a bhí na cúiseanna leis an meastachán forlíontach teicniúil agus an caiteachas a bhí ní b'ísle ná mar a soláthraíodh:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 1,087 | Laghdaíodh an buiséad bunúil faoi €2.5 milliún sa mheastachán forlíontach teicniúil agus ba í an chúis a bhí leis an gcoigilt seo agus coigilt bhreise €1.08 milliún ná nár tugadh chun críche go fóill na costais dlí tríú páirtí nár íocadh, go háirithe i dtaca le Binse Smithwick Tribunal agus le Binse Morris. |
| Cúnamh Dlíthiúil - coiriúil (uimh. 12 de 1962) | (310) | Méadaíodh an buiséad bunúil faoi €3 milliún sa mheastachán forlíontach teicniúil agus ba í an chúis a bhí leis seo an róchaitheamh seo agus le róchaitheamh €310,000 gur fotheideal seo atá faoi stiúir éilimh agus nach éasca meastachán a dhéanamh ar chaiteachas. Braitheann sé, go príomha, ar an líon cásanna atá os comhair na gCúirteanna a n-eisítear deimhnithe um chúnamh dlí ina leith. |
| Cúnamh Dlí – saincheisteanna coinneála | 335 | Laghdaíodh an buiséad bunúil faoi €300,000 sa mheastachán forlíontach teicniúil agus is í an chúis a bhí leis an gcoigilt seo mar aon le coigilt bhreise €335,000 ná go raibh líon ní ba lú cásanna ann ónar theastaigh ionadaíocht dhlíthiúil. Socrú riaracháin, neamhreachtúil is ea an scéim a chuimsíonn saghsanna áirithe de chásanna nach gcuimsíonn Cúnamh Dlí Shibhialta ná an Scéim um Chúnamh Dlí Choiriúil |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil (deontas-i-gcabhair) | — | Méadaíodh an buiséad bunúil €32.6 milliún faoi €1.1 milliún sa mheastachán forlíontach teicniúil. Bhí an riachtanas breise mar thoradh ar na costais riaracháin a bhain le freagrachtaí breise an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, lena n-áirítear na saincheisteanna coinneála um Chúnamh Dlí agus na scéimeanna eile Dlí ad-hoc. Anuas air sin, trína Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe, tá an ionadaíocht chuí dlí á déanamh d'iarratasóirí a bhfuil a gcásanna á ndéanamh acu le haghaidh cosaint choimhdeach. |
| Seirbhís chróinéara | 151 | Laghdaíodh an buiséad bunúil faoi €100,000 sa mheastachán forlíontach teicniúil agus ba í an chúis a bhí leis an gcoigilt seo mar aon le coigilt bhreise €151,000 ná go raibh ní ba lú caiteachais ar chostais phárolla agus dlí ann ná mar a raibh súil leis. |
| An tSaotharlann Dlí-eolaíochta | (186) | Laghdaíodh an buiséad bunúil faoi €500,000 sa mheastachán forlíontach teicniúil ach b'ann do róchaiteachas €186,000 faoi dheireadh ar an mbuiséad neamhphá mar gheall go raibh ní ba mhó caiteachais ann ná mar a raibh súil leis roimh dheireadh na bliana. |
| An Paiteolaí Stáit | 2,423 | D'eascair an choigilt seo go príomha mar gheall ar an gcaoi nár leanadh ar aghaidh le hathlonnú Oifig Phaiteolaí an Stáit chuig cóiríocht nua in 2013. Áirítear leis an gcoigilt seo €287,000 maidir le caipiteal neamhchaite a tugadh anonn ó 2012 go 2013 faoi fhorálacha um chaipiteal iarchurtha Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil | 14 | Méadaíodh an buiséad bunúil €4.2 milliún faoi €7.3 milliún sa mheastachán forlíontach teicniúil. Mar gheall ar líon dámhachtainí suntasacha cúitimh a bhí seo a rinneadh le blianta beaga anuas agus a leag brú mór airgeadais ar an scéim. |
| Ciste Magdalen | 4,499 | Measadh gur stuama liúntas méadaithe €4.9 milliún a sholáthar trí mheastachán forlíontach teicniúil, go príomha chun soláthar a dhéanamh d'íocaíochtaí a raibh coinne leo do mhná incháilithe faoin scéim ex-gratia. Níorbh fhéidir na híocaíochtaí seo a dhéanamh roimh dheireadh na bliana airgeadais mar gheall ar mhoill ar an gcáipéisíocht riachtanach dhlíthiúil a chur i gcrích. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Comhionannas agus Comhtháthú a chur chun cinn** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 2,262 | 2,265 | 2,371 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 1,062 | 1,158 | 995 |
| D.3 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (deontas-i-gcabhair) | 4,335 | 3,911 | 4,366 |
| D.4 | Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú) | 250 | — | 83 |
| D.5 | Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta ban | 300 | 300 | 350 |
| D.6 | Tionscnaimh an Lucht Siúil | 405 | 118 | 246 |
| D.7 | Gníomh dearfach um chomhionannas insnce | 1,000 | 959 | 1,647 |
| D.8 | Oifig um chur chun cinn Lánpháirtíocht na n-Imirceach | 2,334 | 2,150 | 2,402 |
| D.9 | An Ciste Eorpach do Dhídeanaithe | 1,500 | 1,500 | 1,314 |
| D.10 | Tionscnaimh feasachta míchumais | 307 | 109 | 194 |
| D.11 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 4,133 | 3,449 | 3,790 |
| D.12 | Rialachán na gcarthanas | 300 | 53 | 25 |
| D.13 | Oifig um Thabhartais agus um Thiomnachtaí Carthanúla | 360 | 335 | 339 |
| D.14 | Íocaíochtaí le tionscnóirí na gcrannchur carthanachta ar leith (arna maoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,000 | 4,000 | 6,000 |
| — | *An tÚdarás Comhionannais* | — | — | *2,260* |
| | | 22,548 | 20,307 | 26,382 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár D €2.24 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (deontas-i-gcabhair) | 424 | D'eascair na coigiltí go príomha mar gheall ar laghdú sealadach ar líonta foirne in 2013. Fuair Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine cead chun breis foirne a earcú le linn 2014. |
| Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú) | 250 | D'eascair an choigilt mar gheall nárbh ann d'aon tarraingt anuas ón gciste seo ar feitheamh soiléiriú maidir le babhta nua de thionscadail chistithe a bhí le deimhniú le haghaidh 2014 agus blianta dá éis sin. |
| Tionscnaimh an Lucht Siúil | 287 | D'eascair an choigilt mar gheall gur theastaigh ní ba lú cistiú le haghaidh Thionscnamh um Choimhlint agus Idirghabhála Lucht Siúil an Lár-Réigiúin de réir mar a dhruid sé chun deiridh a sholáthair reatha chistithe in 2013. Ba lú ná mar a raibh súil leis a bhí tarraingt anuas na gcistí i dtaca le tionscadail eile mar gheall ar mhoilleanna ar na tionscadail a thosú agus a chur ar bun. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Oifig um chur chun cinn Lánpháirtíocht na n-Imirceach | 184 | D'eascair an choigilt go príomha mar gheall gur tháinig daoine faoin gClár Athlonnaíochta Dídeanaithe ní ba dhéanaí ná mar a raibh súil leis. |
| Tionscnaimh feasachta míchumais | 198 | D'eascair an choigilt mar gheall gur lú a bhí glacadh na n-eagraíochtaí le tabhairt faoi thionscnaimh um fheasacht ar mhíchumas ná mar a raibh súil leis |
| An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 684 | D'eascair an choigilt mar gheall ar laghduithe ar acmhainní foirne agus gur cuireadh tús le líon tionscadal ní ba dhéanaí in 2013 ná mar a beartaíodh i dtosach báire. |
| Rialachán na gcarthanas | 247 | D'eascair an choigilt mar gheall ar neamhbhunú an Údaráis um Rialáil Carthanachtaí in 2013. Ceapadh Príomhfheidhmeannach Ainmní leis an Údarás sa chéad ráithe in 2014. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **E** | **Ionadaíocht a dhéanamh do Leas Ceartais na hÉireann i bhFóraim Idirnáisiúnta** | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | 3,726 | 2,665 | 2,660 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 1,307 | 1,602 | 1,598 |
| | | 5,033 | 4,267 | 4,258 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár E €766,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 1,061 | D'eascair an choigilt seo go príomha mar gheall ar chostais soláthair foirne, go háirithe mar gheall nár mhair Uachtaránacht an AE chomh fada agus a rabhthas ag súil leis. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **F** | **Cur le hAthshlánú Geilleagrach** | | | |
| F.1 | Riarachán - pá | 8,858 | 8,997 | 9,075 |
| F.2 | Riarachán - neamhphá | 4,882 | 3,677 | 3,795 |
| F.3 | Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine Náisiúnta | 848 | 832 | 710 |
| F.4 | Seirbhís Dócmhainneacht Éireann | 7,398 | 6,065 | 84 |
| | | 21,986 | 19,571 | 13,664 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár E €2.42 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 1,205 | D'eascair an choigilt go príomha mar gheall ar chostais a bhí ní ba lú ná a raibh súil leis i limistéir ar nós TFC agus maidir le hIonad Comhsheirbhísí Airgeadais na Roinne atá suite i gCill Airne. |
| Seirbhís Dócmhainneacht Éireann | 1,333 | D'eascair an choigilt go príomha ar chostais phárolla mar gheall nach raibh a líon iomlán foirne ag Seirbhís Dócmhainneachta Éireann i bhfeidhm go dtí tráth ní ba dhéanaí sa bhliain airgeadais ná mar a beartaíodh. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Táillí cinsireachta scannáin | | 2,103 | 1,922 | 2,188 |
| 2. | Aisíocaíocht na dtuarastal | | — | — | — |
| 3. | Táillí cosanta sonraí | | 550 | 640 | 626 |
| 4. | Fáltais AE | | 3,350 | 4,305 | 2,227 |
| 5. | Fáltais ilghnéitheacha | | 583 | 327 | 2,489 |
| 6. | Táillí clárúcháin inimirce | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 15,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 1,800 | 16,800 | 16,857 | 11,908 |
| 7. | Taillí víosa | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 5,300 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (100) | 5,200 | 4,533 | 5,309 |
| 8. | Taillí na gcuntas díomhaoin | | 250 | — | 50 |
| 9. | Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach | | 2,364 | 2,369 | 2,790 |
| 10. | Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 13,997 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 9,500 | 23,497 | 23,106 | 17,099 |
| 11. | An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí – tobhach ar chomhlachtaí gairmiúla | | 1 | — | — |
| 12. | Táillí an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 1,500 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 700 | 2,200 | 2,350 | — |
| 13. | Táillí Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 1 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 100 | 101 | — | — |
| 14. | Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 6,364 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 500 | 6,864 | 7,166 | 7,288 |
| | **Iomlán** | | 63,863 | 63,575 | 51,974 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta tar éis aon choigeartú meastacháin forlíontach, de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí cinsireachta scannáin | 181 | Tá an t-easnamh seo mar gheall ar mheath grádach ar na líonta iarratas ar DVD a bhí á seoladh le haghaidh soiléiriú, a léiríonn treocht dhomhanda |
| Fáltais AE | (955) | D'eascair an barrachas mar gheall ar an deacracht a bhí ann chun candam agus uainiú fáltas a thuar go cruinn faoi na cláir éagsúla. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ilghnéitheacha | 256 | Tá an t-easnamh mar gheall ar an deacracht a bhaineann leis an méid chruinn fáltas a thuar faoin gcatagóir seo, a raibh thart ar 400 idirbheart i gceist léi in 2013. |
| Táillí clárúcháin inimirce | (57) | Cé go bhfuil barrachas €57,000 ann, méadaíodh an buiséad bunúil €15 milliúnn faoi €1.8 milliún sa mheastachán forlíontach teicniúil chun an leibhéal ní b'airde ná mar a raibh súil leis d'fháltais in 2013 a léiriú. Bhí seo mar gheall ar líon tosca, lena n-áirítear éileamh ard ar chúrsaí mic léinn ó náisiúnaigh Bhrasaíleacha agus Shíneacha a chuir le méaduithe suntasacha ar an líon daoine cláraithe ó na tíortha seo. Anuas air sin, mar gheall ar phróiseáil ní ba thapúla ar iarratais ar shaoránacht, tá líonta méadaithe de chleithiúnaithe na saoránach Éireannach atá nua-eadóirsithe ag lorg aistriú chuig stádas níos fabhraí cleithiúnaigh óna dteastaíonn, ar a uain sin, a gclárúchán a athnuachan – agus b'fhíor-dheacair an t-éileamh air seo a thuar. |
| Taillí víosa | 667 | Baineann an t-easnamh go príomha leis an laghdú ar iarratais athiontrála ar víosa ar ar tháinig laghdú 13.5% go páirteach mar gheall ar an méid leanúnach deonaithe saoránachta. Ar a bharr sin, imríonn an clár tarscaoilte víosa agus uainiú fála airgid ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tionchar ar an toradh. |
| Taillí na gcuntas díomhaoin | 250 | Is ionann na fáltais, sa chás seo, agus caiteachas ó fhotheideal D.4. Mar gheall nárbh ann d'aon tarraingt anuas ón gciste seo ar feitheamh soiléiriú maidir le babhta nua de thionscadail chistithe a bhí le deimhniú le haghaidh 2014 agus blianta dá éis sin, níor réadaíodh aon fháltais chomhionanna in 2013. |
| Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta | 391 | Cé go bhfuil easnamh €391,000 ann, méadaíodh an liúntas bunúil €13.9 milliún faoi €9.5 milliún sa mheastachán forlíontach teicniúil chun an leibhéal ní b'airde ná mar a raibh súil leis d'fháltais a léiriú a d'eascair ó riaráiste a ghlanadh ó bhlianta roimhe sin, ó fheabhas a cuireadh ar amanna próiseála agus ón líon iarratais nua ar éirigh go han-mhaith leo in 2013 (18,795, i gcomparáid le 19,879 in 2012 agus 18,305 in 2011). |
| Táillí an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | (150) | Cé gur méadaíodh an buiséad bunúil faoi €700,000 trí mheastachán forlíontach teicniúil, tá an barrachas mar gheall ar líon mór soláthróirí seirbhísí maoine a bhí ag lorg ceadúnais a fháil agus a raibh ceadúnais á bhfáil acu nach raibh súil leis i dtosach báire. |
| Táillí Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 101 | Ba dheacair an leibhéal fáltas sa chéad bhliain d'oibriú na Seirbhíse nua a mheas. |
| Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí | (302) | D'eascair fáltais an bharrachais mar gheall gur iontógadh ní ba mhó asbhaintí pinseanbhainteacha ná mar a measadh. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

Chuir Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit suim €265,092 i dtaisce sa Státchiste in 2013 i ndáil le díol maoine de chuid na Seirbhíse Promhaidh i nGaillimh.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 2,283 | 2,295 |

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 118,307 | 120,170 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 250 | 179 |
| Liúntais eile | 2,589 | 2,795 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,637 | 1,564 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,531 | 6,533 |
| **Pá Iomlán** | **129,314** | **131,241** |

Áirítear sa bhfigiúr pá iomlán gnéithe den phá ó na fotheidil seo a leanas: A1, A3, A5, A6, A7, A8, A9, A10, B1, B3, B6, B7, B8, B9, B10, B13, C1, C3, C6, C8, C9, C10, C11, C12, C15, D1,D3, D8, D11, D13, E1, F1, F3 agus F4.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2013<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2012<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 51 | 6 | 55,362 | 30,521 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 251 | 24 | 28,557 | 28,616 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 1 | — | 1,910 | — |
| Ilghnéitheacha | 325 | 47 | 27,904 | 27,200 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Íocadh suim de chuid €49,435 san iomlán le 16 státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsean státseirbhíse in 2013. Lena chois sin, íocadh suim de chuid €37,439 le seacht iar-státseirbhíseach agus €363,772 le sé ball na breithiúna a bhí gafa le róil éagsúla in 2013.

Íocadh suim de chuid €834,872 san iomlán trí mheán an phárolla le 87 duine aonair i ndáil le dualgais curtha i gcrích maidir le boird éagsúla srl.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

| | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| Fo-theideal | Cur síos | | | |
| D.14 | Íocaíochtaí le tionscnóirí roinnt crannchuir charthanúla (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,000 | 4,000 | 6,000 |

Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais – www.justice.ie/en/JELR/Pages/Charities

### 6.2 Maoiniú AE

Cuimsíonn an toradh i bhFocheannteideal A.3, A.10, D.8 agus D.9 caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a cómhaoiníodh ag an Aontas Eorpach. Ina theannta sin déantar maoiniú do chlár atá maoinithe ag an AE darb ainm Safety Internet Plus Programme a riar trí mheán cuntais ar fionraí ag an Oifig um Shábháilteacht Idirlín. Is oifig fheidhmiúcháin de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais í an Oifig um Shábháilteacht Idirlín. Bunaíodh ag an Rialtas í le go mbeadh príomhfhreagracht aici as sábháilteacht idirlín in Éirinn, go háirithe i dtaca le leanaí.

Fuarthas cistiú do Chlár AE eile, an Clár Athlonnaíochta Éigeandála in 2013 agus tá an cistiú sin á oibriú trí chuntas fionraí. Is é cuspóir an chistithe chun na ballstáit a spreagadh chun glacadh le dídeanaithe óna dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta a thagann ó áiteanna ina bhfuil coimhlint ar bun.

Anuas air sin, fuair an tSeirbhís Phromhaidh cistiú in 2013 le haghaidh líon tionscadail faoi chistiú an AE a riartar trí chuntas fionraí.

| | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 |
| Fo-theideal | Cur síos | | | |
| A.3 | Ciste Eorpach Gnóchan | 683 | 683 | 596 |
| A.10 | ESF- Scileanna agus fostóirí breise um Thionscadal Athstiúrtha na nGardaí don Óige | 2,150 | 1,770 | 3,541 |
| D.8/ D.9 | Ciste Dídeanaithe Eorpach agus Ciste Imeasctha | 1,441 | 1,853 | 1,631 |
| | | 4,274 | 4,306 | 5,768 |

**6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin**

| | Bliain an cheapacháin | 2012 | 2013 | Caiteachas carntha go 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse Morris | 2002 | 3,472 | 2,286 | 66,298 |
| Binse Cúitimh um Dhíobhálacha Coiriúla | 1974 | 88 | 59 | 1,628 |
| Binse Smithwick | 2005 | 2,116 | 1,040 | 12,533 |
| Coimisiún Dheoise Chluana agus Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath | 2006 | 32 | — | 8,791 |
| Coimisiún um Shuíomh Taisí Íospartach | 2007 | 403 | 495 | 4,937 |
| Coimisiún Imscrúcháin Gary Douch | 2007 | 105 | 512 | 2,260 |
| An Coimisiún Reifrinn (Cúirt Achomhairc) | 2013 | — | 1,193 | 1,193 |
| | | 6,216 | 5,585 | 97,640 |

**6.4 Dliteanas Teagmhasach**

Bainfidh íocaíochtaí breise le Binse Morris, an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla, Binse Smithwick, Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath agus Deoise Choimisiún Chluain, an Coimisiún Neamhspleách um Aimsiú Taisí Íospartach agus Coimisiún Fiosraithe Gary Douch.

B'ionann caiteachas i ndáil le Binse Morris a chur a chuid oibre i gcrích in 2008 agus €66.298 milliún go deireadh na bliana 2013. Baineann na costais atá fágtha le táillí dlí trí páirtí. Tá costas deiridh measta an Bhinse sa raon ó €70 go €72 milliún ach is soláthar sealadach é seo ar fheitheamh chainníochtú na gcostas dlí gan íoc.

Leanfaidh na costais maidir leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla de réir mar a bheidh obair an Bhinse ar bun.

Cé gur cuireadh Binse Fiosraithe Smithwick i gcrích ag deireadh 2013, eascróidh breis costas maidir le costais dlí daoine ar deonaíodh ionadaíocht dóibh ag an mBinse. Ní féidir measúnú a dhéanamh ar chandam na gcostas seo ag an tráth seo ama. Cuireadh i gcoinne cuid de thorthaí an Bhinse san Ard-Chúirt agus eascróidh roinnt costais bhreise ina leith seo.

Táthar tar éis obair Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath agus Coimisiún Dheoise Chluana a thabhairt chun críche freisin. B'ionann na costais go deireadh 2012 agus €8.791 milliún. A mhéid ar féidir a fhionnadh, baineann an t-aon chostas ar dhócha a eascróidh le costais i dtaca le roinnt éisteachtaí maidir le foilsiú codanna áirithe de thuarascálacha an Choimisiúin, atá leanúnach nó a bhfuil na táillí ina leith le réiteach go fóill. Ní sé indéanta na costais fágtha a mheas ach ní dhócha go mbeidh siad ró shuntasach in aon chor.

Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Aimsiú Taisí Íospartach ar bun agus braitheann a gcostais ghaolmhara go mór ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil dóibh maidir leis na híospartaigh a bhfuil a dtaisí á n-aimsiú acu.

Tugadh chun críche obair an Choimisiúin Fiosraithe ar Bhás Gary Douch. Tá roinnt costais eile ghaolmhara riaracháin ann atá le híoc in 2014 ar dócha gurb ionann iad agus €500,000.

**6.5 Íocaíochtaí ex-gratia**

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €382,072 (2012- €703,892) maidir leis an Scéim Chúnaimh Dhlí neamhreachtúil do bhearta de chineál BSC. Tá an scéim seo infheidhmithe do dhaoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a chuirtear i gcrích ag, nó in ainm, an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, imeachtaí cúirte an Achta um Fháltais Choiriúlachta, 1996, na hAchtanna um Choimisinéirí Ioncaim agus na hAchtanna um Leas Sóisialach agus iarratais a rinneadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €811,866 (2012 - €887,448) maidir leis an Scéim neamhreachtúil Chomhairle Cúnaimh Dhlí Stáisiúin Gharda. Déanann an scéim seo soláthar dó, sa chás go ndéanfaí duine a choimeád i stáisiún Garda do chuspóirí imscrúdaithe ar choir agus go bhfuil sé de theidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le dlíodóir ach gan dóthain acmhainne a bheith ag an duine le go n-íocfadh sé/sí as a leithéid de chomhairliúchán, go n-íocfar as comhairliúcháin le dlíodóirí ag an Stát.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach iomlán €15,697 (2012 - €31,671) i roinnt cásanna maidir le seirbhís na gCróinéirí. Baineann na híocaíochtaí faoi thrácht le costas na hionadaíochta dlí ag ionchoisne faoi bhás daoine a bhí faoi choimeád an Stáit.

**6.6 Ciste um Thionscnamh na nDrugaí**

Fuarthas suim de €257,473 (2012 - €276,254) ón gCiste Tionscnaimh Dhrugaí agus mínítear an tsuim sin trí mheán cuntais ar fionraí. Déantar soláthar don mhaoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sin le roinnt tionscadal ar le Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí iad ar tionscnaimh iad a dtacaíonn an tSeirbhís Phromhaidh leo.

**6.7 Costais Dlí**

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Seo a leanas na costais dlí a íocadh i rith na bliana: | **€000** | **€000** |
| Táillí Dlí | 332 | 274 |
| Cúiteamh | 6,907 | 7,742 |
| | 7,239 | 8,016 |

As an tsuim iomlán de €7,239,000 de chostais dlí, i 2013, baineann €5,799,000 (80%) le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann.